C/2025/350

20.1.2025

FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN

Treoirlínte maidir le dúnadh na gclár oibríochtúil arna nglacadh ar mhaithe le cúnamh ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (2014-2020)

(C/2025/350)

Na cláir oibríochtúla faoin gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí le haghaidh na clárthréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020, lena n-áirítear na cláir a thairbhíonn de REACT-EU, ní mór iad a dhúnadh in am agus ar bhealach éifeachtúil. Chuige sin, tá gá le treoraíocht maidir le conas na cláir sin a dhúnadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus leis na gníomhartha dlí a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlactar ar an mbonn sin.

Cuirtear an ghéarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, COVID-19, in 2020 agus 2021 san áireamh sna treoirlínte chomh maith lena tionchar ar chur chun feidhme na gclár.

Is é is aidhm do na treoirlínte cuidiú leis na Ballstáit maidir leis an bpróiseas dúnta trí mhíniú a thabhairt ar an gcaoi a n-oibríonn sé. Cumhdaítear leo socrú airgeadais ghealltanais bhuiséadacha gan íoc an Aontais trí aon iarmhéid deiridh faoi chlár a íoc leis an mBallstát; saoradh nó aisghabháil na suimeanna a d'íoc an Coimisiún Eorpach go míchuí leis an mBallstát; agus/nó aon iarmhéid deiridh a shaoradh.

I ngeall ar an gcóras maidir le scrúdú bliantúil a dhéanamh ar chuntais agus glacadh cuntas, tá simpliú mór déanta ar an nós imeachta um dhúnadh. Mar thoradh air sin, ba cheart dúnadh na gclár a bheith bunaithe ar na doiciméid a bhaineann leis an mbliain chuntasaíochta deiridh agus ar an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme nó ar an tuarascáil bhliantúil is déanaí ar chur chun feidhme agus orthu sin amháin.

SÉANADH:

'Is doiciméad oibre é seo a d'ullmhaigh an Coimisiún. Ar bhonn dhlí an Aontais is infheidhme, soláthraítear leis treoraíocht theicniúil do chomhghleacaithe agus do chomhlachtaí a bhfuil baint acu le dúnadh an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí. Tá an treoir seo gan dochar do léirmhíniú na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta.

Clár

Leathanach

1. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA 3
2. FÉIDEARTHACHT MAIDIR LE DÚNADH LUATH 3
3. AN SPRIOC-AM MAIDIR LE CLÁIR A LEASÚ 3
4. BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS 3
4.1. Saoradh 3
4.2. Imréiteach réamh-mhaoinithe 4
4.3. An t-iarmhéid deiridh a ríomh 4
4.4. Caiteachas iomarcach 4
5. TUAIRISCIÚ MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME TRÁTH AN DÚNTA 5
6. NEAMHRIALTACHTAÍ 6
6.1. Láimhseáil neamhrialtachtaí sa bhliain chuntasaíochta deiridh 6
6.2. Méideanna atá le haisghabháil agus méideanna do-aisghabhála 6

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 72, 12.3.2014, lch. 1).

6.3. Rialú breise údaráis an chláir ar chaiteachas a dearbhaíodh cheana féin don Choimisiún mar thoradh ar riosca neamhrialtachtaí 7
7. DOICIMÉID UM DHÚNADH A CHUR ISTEACH 7
7.1. Sprioc-am chun doiciméid um dhúnadh a chur isteach 7
7.2. Mionathrú ar na doiciméid um dhúnadh i ndiaidh an sprioc-ama lena gcur isteach 7
7.3. Infhaighteacht doiciméad 8
8. ÁBHAR NA nDOICIMÉAD UM DHÚNADH 8
8.1. Tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme 8
8.2. Na cuntais 8
8.3. Dearbhú bainistíochta agus achoimre bhliantúil 8
8.4. Tuairim iniúchóireachta agus tuarascáil ar rialú 8
9. ÍOCAÍOCHT AN IARMHÉID DEIRIDH 9
10. SAINCHEISTEANNA DLÍTHIÚLACHTA AGUS RIALTACHTA 9

1. **PRIONSABAIL GHINEARÁLTA**

Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le dúnadh na gclár faoin gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) i gcomhréir le Rialachán FEAD don chlárthréimhse 2014-2020 ([2]).

Is éard atá i gceist le dúnadh na gclár socrú airgeadais ghealltanais bhuiséadacha gan íoc an Aontais trí aon iarmhéid deiridh a íoc leis an mBallstát ([3]) i ndáil le clár agus/nó na suimeanna a d'íoc an Coimisiún go míchuí leis an mBallstát a shaoradh nó a aisghabháil. Tá dúnadh na gclár gan dochar do chumhacht an Choimisiúin ceartuithe airgeadais a fhorchur.

2. **FÉIDEARTHACHT MAIDIR LE DÚNADH LUATH**

Féadfaidh na Ballstáit dúnadh luath cláir a iarraidh ar an gcoinníoll go mbeidh na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le cur chun feidhme an chláir curtha i gcrích acu. Chun na críche sin, ba cheart bliain chuntasaíochta níos luaithe ná an bhliain a mhairfidh ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 a mheas mar bhliain chuntasaíochta deiridh an chláir. Má ghlacann an Coimisiún leis an iarraidh sin, ní mór don Bhallstát na doiciméid um dhúnadh a leagtar amach in Airteagal 52 de Rialachán FEAD ('na doiciméid um dhúnadh') a chur isteach faoin 15 Feabhra den bhliain i ndiaidh na bliana cuntasaíochta a breithníodh. Maidir leis an dúnadh luath, ba cheart go gcloífí leis na rialacha uile atá bunaithe maidir le dúnadh.

Maidir le cláir um bhia agus/nó cláir um chúnamh ábhartha bunúsach (i.e. cláir oibríochtúla de chineál I), ní mór an suirbhé struchtúrtha deiridh a dhéanamh in 2022. Mar sin féin, má chuir an Ballstát gníomhaíochtaí uile an chláir chun feidhme roimh 2022, ní gá dó an suirbhé struchtúrtha a dhéanamh in 2022. Sa chás sin, molann an Coimisiún an suirbhé a dhéanamh sa bhliain dheireanach ina ndáiltear bia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach.

3. **AN SPRIOC-AM MAIDIR LE CLÁIR A LEASÚ**

Chun cur chun feidhme cuí na gclár agus ullmhú tráthúil an dúnta a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit iarrataí ar leasuithe ar chláir ([4]), lena n-áirítear leasú ar an bplean maoiniúcháin, a chur isteach faoi mhí Mheán Fómhair 2023. Beifear ábalta leis sin cinntí a ghlacadh roimh an dáta deiridh le haghaidh incháilitheachta, an 31 Nollaig 2023. Is é an t-aon eisceacht amháin plean airgeadais athbhreithnithe a chur isteach ina léireofar, don bhliain airgeadais 2020, méid laghdaithe cistiúcháin tar éis riail an tsaortha uathoibríoch a leagtar amach in Airteagal 59(1) de Rialachán FEAD a chur i bhfeidhm. Sa chás sin, ní mór an iarraidh ar leasú ar chlár a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2024 ([5]).

Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon chinneadh chun na heilimintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 9(4) de Rialachán FEAD ([6]) a mhodhnú roimh an dáta deiridh incháilitheachta, i.e. an 31 Nollaig 2023.

4. **BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS**

4.1. **Saoradh**

Tá feidhm ag riail an tsaortha uathoibríoch a leagtar amach in Airteagal 59(1) de Rialachán FEAD maidir le gach gealltanas buiséadach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bliain dheireanach na clárthréimhse (2020).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 72, 12.3.2014, lch. 1).

([3]) I gcomhréir le hAirteagal 138(1) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO C 384I, 12.11.2019, lgh. 1–177), i ndáil le cur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais a gealladh faoi CAI 2014-2020 nó faoi dhearcthaí airgeadais a bhí ann roimhe sin, beidh feidhm fós ag dlí is infheidhme an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le ceartuithe airgeadais agus maidir le himréiteach cuntas, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndiaidh an 31 Nollaig 2020 go dtí go ndúnfar na cláir agus na gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais, mura mbeidh bearta teicniúla glactha ag an gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 138(5) den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil feidhm ag forálacha na dtreoirlínte seo a bhaineann le hacmhainní REACT-EU maidir leis an Ríocht Aontaithe, de réir an chúigiú fomhír d'Airteagal 154 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, arna leasú le Rialachán (AE) 2020/2221 an 23 Nollaig 2020.

([4]) Airteagal 9 de Rialachán FEAD.

([5]) Airteagal 61(4) de Rialachán FEAD.

([6]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2020/559 an 23 Aibreán 2020.

Na gealltanais a bheidh fós oscailte an 15 Feabhra 2026 ar a dhéanaí, nó an 1 Márta 2026 má chuireann an Coimisiún síneadh leis an sprioc-am ([7]), saorfar na gealltanais sin mura mbeidh gach ceann de na doiciméid um dhúnadh curtha faoi bhráid an Choimisiúin faoin am sin.

Faoi Airteagal 6a(1) de Rialachán FEAD ([8]), is é 2021 nó, i gcás inarb infheidhme, 2022 an bhliain dheireanach den chlárthréimhse le haghaidh chláir FEAD ar féidir leis na Ballstáit acmhainní breise REACT-EU a leithdháileadh orthu. I gcomhréir le hAirteagal 6a(3) den Rialachán céanna, saorfar gealltanais nár úsáideadh a bhaineann le hacmhainní breise le linn an dúnta.

4.2. **Imréiteach réamh-mhaoinithe**

Déanfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú a íoctar leis na Ballstáit a imréiteach tráth nach déanaí ná an tráth a dhúntar an clár ([9]). Baineann sé sin freisin le réamh-mhaoiniú breise a íoctar ó acmhainní REACT-EU ([10]).

Ní mór méideanna arna n-íoc mar réamh-mhaoiniú a dhlisteanú le caiteachas incháilithe arna dhearbhú tráth dhúnadh an chláir ar a dhéanaí. Mar sin féin, féadfar tús a chur le himréiteach réamh-mhaoinithe, a luaithe a fhaightear ranníocaíocht uasta FEAD a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár. Sa chás sin, úsáidfidh an Coimisiún an caiteachas incháilithe a áirítear san iarraidh ar íocaíocht chun an réamh-mhaoiniú a imréiteach. Ní dhéanfar an t-imréiteach a thabhairt chun críche go dtí go nglacfar leis na cuntais.

4.3. **An t-iarmhéid deiridh a ríomh**

Maidir leis an mbliain chuntasaíochta deiridh, agus i gcás aon bhliain chuntasaíochta eile, aisíocfaidh an Coimisiún 90 % den mhéid a éilíonn an Ballstát mar iarratas ar íocaíochtaí eatramhacha, tríd an ráta cómhaoinithe a chur i bhfeidhm ar an gcaiteachas poiblí incháilithe a áirítear sna hiarratais ar íocaíocht, ar an gcoinníoll go bhfuil gealltanais ar fáil sa chlár. Cuirfear tionchar REACT-EU ar an ráta cómhaoinithe san áireamh tráth an ríomha maidir le dúnadh.

Cinnfidh an Coimisiún an méid is inmhuirir i leith an Chiste don bhliain chuntasaíochta deiridh mar a thugtar tuairisc air in Airteagal 50 de Rialachán FEAD. Cuirtear in iúl le hAirteagal 50(6) de Rialachán FEAD go ríomhann an Coimisiún, ar bhonn na gcuntas ar glacadh leo, an méid is inmhuirir i leith an Chiste don bhliain chuntasaíochta, agus na méideanna sna cuntais agus méid iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an Coimisiún le linn na bliana cuntasaíochta á gcur san áireamh.

A luaithe a bheidh an méid is inmhuirir i leith an Chiste ríofa ag an gCoimisiún, déanfaidh sé an t-iarmhéid réamh-mhaoinithe atá fágtha a imréiteach.

I gcomhréir le hAirteagal 40(2) de Rialachán FEAD, ní rachaidh méid an iarmhéid deiridh a íocfar as an gCiste thar uasmhéid féideartha na ranníocaíochta ón gCiste, mar a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár oibríochtúil.

Is éard a bheidh in iarmhéid deiridh an chláir an méid atá mar thoradh air sin, ar méid é atá dlite lena íoc/lena aisghabháil arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha a mhínítear thuas.

4.4. **Caiteachas iomarcach**

Is éard atá i gcaiteachas iomarcach cleachtas de chuid na mBallstáit lena ndearbhaítear don Choimisiún go bhfuil caiteachas incháilithe níos mó ná ranníocaíocht uasta an Chiste a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár.

Toisc nach mbíonn iarratais ar íocaíocht carnach ach laistigh de bhliain chuntasaíochta ar leith, má shroicheann clár ranníocaíocht uasta an Chiste a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár roimh an mbliain chuntasaíochta deiridh, maidir le caiteachas a dhearbhófar don Choimisiún de bhreis ar an ranníocaíocht uasta sin de chuid an Chiste, ní dhéanfar é a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad bhliain chuntasaíochta eile.

Dá bhrí sin, féadfaidh na húdaráis deimhniúcháin a chinneadh go ndéanfar méideanna a cuireadh isteach ina gcóras cuntasaíochta i mbliain chuntasaíochta a dhearbhú don Choimisiún i mbliain chuntasaíochta ina dhiaidh sin nó, go deimhin, sa bhliain chuntasaíochta deiridh.

([7]) Airteagal 59(2) de Rialachán FEAD arna leasú le Rialachán (AE) 2024/795 an 29 Feabhra 2024.
([8]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2021/177 an 10 Feabhra 2021.
([9]) Airteagal 44(4) de Rialachán FEAD.
([10]) Airteagal 6a(4) de Rialachán FEAD, arna leasú le Rialachán (AE) 2021/177 an 10 Feabhra 2021.

Agus an méid thuas á chur san áireamh, agus dá mba mhian leis na Ballstáit go mbeadh caiteachas iomarcach ar fáil sa bhliain chuntasaíochta deiridh, d'fhéadfaidís staonadh ó chaiteachas iomarcach a dhearbhú don Choimisiún in aon bhliain chuntasaíochta roimh an mbliain chuntasaíochta deiridh agus an caiteachas sin a úsáid chun freastal ar riachtanais an chláir. Féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chaiteachas iomarcach a dhearbhú sa bhliain chuntasaíochta deiridh agus sa bhliain sin amháin, ach amháin más gá dóibh é a dhearbhú i mbliain chuntasaíochta níos luaithe lena chur in ionad méideanna neamhrialta a bhraitear (laistigh de theorainn na ranníocaíochta ón gCiste).

Mura bhfuil gá le caiteachas iomarcach roimh an mbliain chuntasaíochta deiridh, níor cheart do na Ballstáit é a dhearbhú don Choimisiún ach amháin sa bhliain chuntasaíochta deiridh, lena n-áirítear caiteachas arna thabhú agus arna íoc le linn na mblianta cuntasaíochta roimhe sin ([11]). Breithneofar caiteachas iomarcach a dhearbhaítear don Choimisiún sa bhliain chuntasaíochta deiridh tráth an dúnta agus ina dhiaidh sin lena chur in ionad méideanna neamhrialta (a dhearbhaítear in aon bhliain chuntasaíochta, lena n-áirítear an bhliain chuntasaíochta deiridh) a bhraithfí níos déanaí. Gan dochar d'Airteagal 56(7) de Rialachán FEAD, féadfaidh na Ballstáit caiteachas iomarcach a úsáid lena chur in ionad méideanna eile neamhrialta a bhraitear i ndiaidh na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh a chur isteach/i ndiaidh a ndúnta.

5. **TUAIRISCIÚ MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME TRÁTH AN DÚNTA**

Faoi Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1255/2014 ón gCoimisiún ([12]), ní mór na nithe seo a leanas a áireamh sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme a eisítear tráth an dúnta:

— faisnéis faoi chur chun feidhme an chláir, agus tagairt inti do na táscairí coiteanna arna n-úsáid le haghaidh oibríocht pháirtchríochnaithe nó lánchríochnaithe;

— faisnéis faoi na gníomhaíochtaí lena gcuirtear san áireamh na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 5(6), (11) agus, i gcás inarb iomchuí, Airteagal 5(13) de Rialachán FEAD agus faisnéis faoi mheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin.

Le Rialachán (AE) 2024/795 ([13]) (An Rialachán lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip — 'Rialachán STEP'), lenar leasaíodh Rialachán FEAD d'fhonn níos mó solúbthachta a sholáthar maidir le dúnadh na gclár a fhaigheann tacaíocht ó FEAD, cuirtear síneadh le tréimhse incháilitheachta na gcostas a aisíoctar de bhun phointí (b) go (e) d'Airteagal 26(2) de Rialachán FEAD — tá na costais chomhfhreagracha incháilithe ar choinníoll go ndéantar na gníomhaíochtaí comhfhreagracha atá mar bhonn le híocaíocht (i.e. dáileadh bia/cúnaimh ábhartha bhunúsaigh nó soláthar beart tionlacain) go dtí go gcuirfear isteach an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta deiridh (i.e. faoin 31 Iúil 2025 ar a dhéanaí). Dá bhrí sin, ní mór do na sonraí sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme tagairt a dhéanamh do na dáileacháin a rinneadh le hoibríochtaí a fuair tacaíocht faoin gclár faoin dáta a cuireadh isteach an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta deiridh. Aon bhia nó aon chúnamh ábhartha bunúsach a ceannaíodh ach nár dáileadh sular cuireadh isteach an t-iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach don bhliain chuntasaíochta deiridh, níor cheart é a áireamh sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme.

Ina theannta sin, na Ballstáit ina gcuirtear chun feidhme cláir oibríochtúla um chuimsiú sóisialta na ndaoine is díothaí (Clár Oibríochtúil de chineál II), ba cheart dóibh an méid seo a leanas a sholáthar:

— sonraí maidir le táscairí clárshonracha agus spriocluachanna cainníochtaithe,

— faisnéis ar athruithe ar na táscairí toraidh,

— faisnéis agus measúnú ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí sonracha an chláir a bhaint amach.

([11]) Féadfaidh na Ballstáit dúnadh luath a iarraidh má bhíonn na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le cur chun feidhme an chláir curtha i gcrích acu. I gcásanna den sórt sin, measfar gurb í bliain chuntasaíochta níos luaithe (roimh an 1 Iúil 2023 — an 30 Meitheamh 2024) bliain chuntasaíochta deiridh an chláir.

([12]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1255/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí trí inneachar na dtuarascálacha cur chun feidhme bliantúla agus deiridh a leagan síos, lena n-áirítear liosta na dtáscairí coiteanna (IO L 337, 25.11.2014, lch. 46).

([13]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

6. **NEAMHRIALTACHTAÍ**

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna cuntais d'aon bhliain chuntasaíochta, lena n-áirítear an bhliain deiridh:

— na méideanna arna n-aistarraingt agus arna n-aisghabháil i rith na bliana cuntasaíochta;

— na méideanna atá le haisghabháil ag deireadh na bliana cuntasaíochta; agus

— na méideanna do-aisghabhála ([14]).

Leagtar amach sa tsamhail in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/341 ón gCoimisiún ([15]) (Foscríbhinní 2, 3 agus 4 faoi seach) an fhormáid chun aistarraingtí agus aisghabhálacha, na méideanna atá le haisghabháil agus na méideanna do-aisghabhála a thuairisciú.

Ní mór do na Ballstáit deighilt na méideanna arna n-aistarraingt agus arna n-aisghabháil le linn na bliana cuntasaíochta agus aisghabhálacha atá ar feitheamh a chur in iúl ag deireadh na bliana cuntasaíochta de réir bhliain chuntasaíochta dhearbhú an chaiteachais chomhfhreagraigh.

6.1. **Láimhseáil neamhrialtachtaí sa bhliain chuntasaíochta deiridh**

Ós rud é, i ndiaidh an iarratais deiridh ar íocaíocht eatramhach, atá le cur isteach faoin 31 Iúil 2025, nach féidir aon iarratas ar íocaíocht a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina dhiaidh sin, ní mór aon asbhaint is gá (d'ainneoin go bhféadfaí tagairt a dhéanamh iontu don chaiteachas a dearbhaíodh i mblianta cuntasaíochta roimhe sin) a dhéanamh sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh agus ní mór iad a thuairisciú i bhFoscríbhinn 5 den tsamhail maidir leis na cuntais.

Faoi Airteagal 49(2) de Rialachán FEAD, féadfaidh Ballstát a chinneadh caiteachas a eisiamh ó chuntais na bliana cuntasaíochta deiridh mar gheall ar mheasúnú leanúnach ar dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais sin. Má chinntear ina dhiaidh sin go bhfuil an caiteachas sin dleathach agus tráthrialta, ní féidir é a athdhearbhú toisc nach mbeidh aon iarraidh ina dhiaidh sin ar íocaíocht eatramhach inar féidir é a áireamh.

6.2. **Méideanna atá le haisghabháil agus méideanna do-aisghabhála**

Sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh, féadfaidh na Ballstáit méideanna atá le haisghabháil agus méideanna do-aisghabhála a bhaineann leis an gcaiteachas a dearbhaíodh, ní hamháin sna blianta cuntasaíochta roimhe sin, ach sa bhliain chuntasaíochta deiridh chomh maith, a thuairisciú ([16]). Féadfaidh siad méideanna atá tagtha chun bheith ina méideanna atá le haisghabháil nó ina méideanna do-aisghabhála i ndiaidh dheireadh na bliana cuntasaíochta deiridh a thuairisciú freisin sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh ach sula gcuirfear na doiciméid um dhúnadh isteach ([17]).

Eisiafaidh an Coimisiún na méideanna a tuairiscíodh mar mhéideanna atá le haisghabháil agus méideanna do-aisghabhála ó ríomh an iarmhéid deiridh ([18]).

Cinnfidh an Coimisiún cé acu a aisíocfaidh sé na méideanna arna dtuairisciú as buiséad an Aontais nó nach n-aisíocfaidh sé, bunaithe ar thoradh phróiseas na haisghabhála agus/nó ar thoradh mheasúnú an Choimisiúin ar na méideanna do-aisghabhála, ar rud é a dhéantar i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1986 ón gCoimisiún ([19]). Maidir leis na méideanna arna dtuairisciú i bhFoscríbhinní 3 agus 4 de na cuntais agus a bhaineann le caiteachas a dearbhaíodh sa bhliain chuntasaíochta deiridh, ba cheart na méideanna sin a chuimsiú i gColún A d'Fhoscríbhinn 1 de na cuntais ionas go bhféadfaí iad a aisíoc amach anseo as buiséad an Aontais, ar feitheamh thoradh na nósanna imeachta nó na measúnuithe gaolmhara.

Ba cheart don Bhallstát toradh an phróisis aisghabhála atá ar feitheamh a chur in iúl don Choimisiún a luaithe is féidir.

([14]) Airteagal 49(1)(b) de Rialachán FEAD.

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/341 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann leis na samhlacha chun faisnéis áirithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin (IO L 60, 4.3.2015, lch. 1).

([16]) Chun deis a thabhairt do na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhféidearthacht méideanna atá le haisghabháil tráth an dúnta nó i ndiaidh an dúnta a dhearbhú le haghaidh na méideanna atá le haisghabháil i ndáil le bliain chuntasaíochta deiridh na clárthréimhse.

([17]) Pacáiste dearbhaithe don bhliain chuntasaíochta deiridh.

([18]) Is é an toradh a bheidh air sin go mbeidh méid níos lú le híoc nó le himréiteach i gcásanna ina bhfuil an t-iarmhéid deiridh dearfach nó go mbeidh méid níos mó le haisghabháil i gcásanna ina bhfuil an t-iarmhéid deiridh ina aisghabháil.

([19]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1986 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun a chinneadh an aisíocfaidh na Ballstáit méideanna do-aisghabhála maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 306, 15.11.2016, lch. 1).

Má chinneann Ballstát gur cheart méideanna do-aisghabhála a ghearradh ar bhuiséad an Aontais, ba cheart dó iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun an cinneadh sin a dheimhniú trí úsáid a bhaint as an bhfoirm san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1986 ón gCoimisiún ([20]). Cinnfidh an Coimisiún ar cheart na méideanna do-aisghabhála a ghearradh ar bhuiséad an Aontais i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán Tarmligthe. Baineann sé sin le méideanna do-aisghabhála atá ar áireamh i bhFoscríbhinn 4 ('méideanna do-aisghabhála') de chuntais an chláir a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/341 ón gCoimisiún mar aon le méideanna atá ar áireamh i bhFoscríbhinn 3 ('méideanna atá le haisghabháil') den Iarscríbhinn chéanna mar mhéideanna atá le haisghabháil agus a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina méideanna do-aisghabhála i ndiaidh na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh a chur isteach.

6.3. **Rialú breise údaráis an chláir ar chaiteachas a dearbhaíodh cheana féin don Choimisiún mar thoradh ar riosca neamhrialtachtaí**

Má aimsítear riosca neamhrialtachtaí a fhágann go ndéanann údaráis an chláir rialú breise ar chaiteachas a dearbhaíodh don Choimisiún cheana féin, is gá do na húdaráis náisiúnta na sprioc-amanna seo a leanas a chomhlíonadh:

— maidir le caiteachas a asbhaineadh as cuntais aon bhliain chuntasaíochta roimh an mbliain chuntasaíochta deiridh faoi Airteagal 49(2) de Rialachán FEAD, ní mór an rialú breise a thabhairt i gcrích in am chun gur féidir an caiteachas a dhearbhú san iarratas deiridh ar íocaíocht eatramhach ar a dhéanaí, arb é an 31 Iúil 2025 an sprioc-am faoinar gá é a chur isteach;

— i gcás ina ndéantar rialú breise ar chaiteachas a dearbhaíodh sa bhliain chuntasaíochta deiridh mar thoradh ar riosca neamhrialtachtaí, ba cheart an cinneadh maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais agus, dá bhrí sin, an cinneadh maidir le cé acu is ceart an caiteachas sin a choimeád sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh nó é a asbhaint astu, a dhéanamh tráth a chuirfear na cuntais isteach, arb é an 15 Feabhra 2026 ar a dhéanaí, nó an 1 Márta 2026, má chuireann an Coimisiún síneadh leis, an sprioc-am faoinar gá iad a chur isteach.

7. **DOICIMÉID UM DHÚNADH A CHUR ISTEACH**

7.1. **Sprioc-am chun doiciméid um dhúnadh a chur isteach**

Ní mór do na Ballstáit na doiciméid um dhúnadh a chur isteach faoin 15 Feabhra 2026 ar a dhéanaí ([21]). Féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an sprioc-am sin go dtí an 1 Márta 2026, tar éis iarraidh a fháil ón mBallstát lena mbaineann, arna déanamh de bhun Airteagal 63(7) den Rialachán Airgeadais ([22]).

Saorfaidh an Coimisiún go huathoibríoch an chuid sin de ghealltanais a bheidh fós oscailte mura mbeidh gach ceann de na doiciméid um dhúnadh curtha isteach faoi sprioc-am an 15 Feabhra 2026 (nó an 1 Márta 2026, má cuirtear síneadh leis) ([23]). I gcás den sórt sin, déanfar an clár a dhúnadh ar bhonn na faisnéise a bheidh ar fáil.

D'fhéadfadh mainneachtain gach ceann de na doiciméid um dhúnadh a chur isteach easnamh tromchúiseach i gcóras bainistíochta agus rialaithe an chláir a léiriú, rud a chuirfeadh ranníocaíocht an Aontais a íocadh leis an gclár cheana féin i mbaol. I gcás den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh ceartú airgeadais a fhorchur.

7.2. **Mionathrú ar na doiciméid um dhúnadh i ndiaidh an sprioc-ama lena gcur isteach**

Ní fhéadfaidh na Ballstáit aon cheann de na doiciméid um dhúnadh a mhionathrú i ndiaidh an sprioc-am lena gcur isteach, ach amháin nuair a iarrfaidh an Coimisiún mionathrú nó i gcás botúin chléireachais.

([20]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1986 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun a chinneadh an aisíocfaidh na Ballstáit méideanna do-aisghabhála maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 306, 15.11.2016, lch. 1).

([21]) I gcomhréir le hAirteagal 52(1) i gcomhar le hAirteagal 48 de Rialachán FEAD arna leasú le Rialachán (AE) 2024/795 agus le hAirteagal 63(5) den Rialachán Airgeadais.

([22]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

([23]) Airteagal 59(2) de Rialachán FEAD.

7.3. **Infhaighteacht doiciméad**

I gcomhréir le hAirteagal 51(1) de Rialachán FEAD, d'fhéadfaí tréimhse choinneála na ndoiciméad a bhriseadh i gcás imeachtaí dlíthiúla nó ar iarraidh ón gCoimisiún a bhfuil údar maith léi.

8. ÁBHAR NA nDOICIMÉAD UM DHÚNADH

8.1. **Tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme**

I gcomhréir le hAirteagal 13(6) de Rialachán FEAD, ní mór an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoi Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1255/2014 ón gCoimisiún ([24]) a bheith sa tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme.

Ba cheart an fhaisnéis a áirítear sa tuarascáil ar chur chun feidhme airgeadais a bheith comhsheasmhach leis an tuarascáil deiridh ar rialú, leis an dearbhú maidir le dúnadh agus leis an ráiteas deiridh caiteachais.

I gcomhréir le hAirteagal 13(5) de Rialachán FEAD, scrúdóidh an Coimisiún an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme agus cuirfidh sé a bharúlacha in iúl don Bhallstát laistigh de 5 mhí ó dháta a fála. I gcás nach gcuireann an Coimisiún barúlacha in iúl laistigh den sprioc-am sin, measfar gur glacadh leis an tuarascáil.

Tabharfar 2 mhí do na Ballstáit freagra a thabhairt ar bharúlacha an Choimisiúin maidir leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme. Féadfaidh an Coimisiún síneadh 2 mhí eile a chur leis an spriocdháta sin, arna iarraidh sin do Bhallstát. Glacfar leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme mura bhfuil barúlacha ag an gCoimisiún nó má thugtar aghaidh leordhóthanach ar bharúlacha uile an Choimisiúin.

8.2. **Na cuntais**

Faoi mar atá maidir le haon bhliain eile, ní mór an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 49(1) de Rialachán FEAD a áireamh sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh. Leagtar amach struchtúr na gcuntas in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/341 ón gCoimisiún ([25]).

Maidir le scrúdú a dhéanamh ar na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh agus glacadh leis na cuntais sin, leantar na rialacha céanna agus a leantar maidir le scrúdú a dhéanamh ar na cuntais agus glacadh leis na cuntais d'aon bhliain chuntasaíochta eile.

Leanfaidh an Coimisiún na nósanna imeachta ábhartha maidir le scrúdú a dhéanamh ar na cuntais agus glacadh leis na gcuntas don bhliain chuntasaíochta deiridh agus cuirfidh sé an Ballstát ar an eolas faoin 31 Bealtaine 2026 ar a dhéanaí i dtaobh cé acu a ghlacann sé leis go bhfuil na cuntais iomlán, cruinn agus fíor nó nach nglacann ([26]).

8.3. **Dearbhú bainistíochta agus achoimre bhliantúil**

Faoi mar atá maidir le gach bliain chuntasaíochta, leagtar amach struchtúr an dearbhaithe bainistíochta don bhliain chuntasaíochta deiridh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1386 ón gCoimisiún ([27]).

8.4. **Tuairim iniúchóireachta agus tuarascáil ar rialú**

Faoi mar atá maidir le gach bliain chuntasaíochta, leagtar amach struchtúr na tuairime iniúchóireachta don bhliain chuntasaíochta deiridh in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1386 ón gCoimisiún.

Faoi mar atá maidir le haon bhliain chuntasaíochta eile, leagtar amach struchtúr na tuarascála ar rialú don bhliain chuntasaíochta deiridh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1386 ón gCoimisiún.

([24]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1255/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí trí inneachar na dtuarascálacha cur chun feidhme bliantúla agus deiridh a leagan síos, lena n-áirítear liosta na dtáscairí coiteanna (IO L 337, 25.11.2014, lch. 34).

([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/341 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann leis na samhlacha chun faisnéis áirithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin (IO L 60, 4.3.2015, lch. 1).

([26]) Airteagal 50 de Rialachán FEAD.

([27]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1386 ón gCoimisiún an 12 Lúnasa 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann leis na samhlacha le haghaidh an dearbhaithe bainistíochta, na straitéise iniúchóireachta, na tuairime iniúchóireachta agus na tuarascála bliantúla ar rialú (IO L 214, 13.8.2015, lch. 9).

Ba cheart an méid seo a leanas a bheith sa tuarascáil ar rialú don bhliain chuntasaíochta deiridh freisin:

— faisnéis faoi thorthaí oscailte a eascraíonn as iniúchtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún nó ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar i Roinn 8 den tuarascáil ar rialú ('Faisnéis eile');

— dearbhú maidir le hiontaofacht na sonraí a bhaineann le táscairí.

Sa tuarascáil ar rialú don bhliain chuntasaíochta deiridh, ba cheart do na húdaráis iniúchóireachta náisiúnta a chinneadh go bhfuil na sonraí a bhaineann le táscairí iontaofa. Ba cheart dóibh measúnú deiridh a sholáthar freisin ar phríomhcheanglas 6: 'Córas iontaofa chun sonraí a bhailiú, a thaifeadadh agus a stóráil chun críoch faireacháin, meastóireachta, bainistíochta airgeadais, físoraithe agus iniúchóireachta', a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 532/2014 ón gCoimisiún ([28]). Go sonrach, ba cheart deimhniú a áireamh sa mheasúnú deiridh sin lena ndearbhaítear go bhfuil na sonraí comhiomlánaithe a tuairiscíodh don Choimisiún ceart.

9. ÍOCAÍOCHT AN IARMHÉID DEIRIDH

Íocfaidh an Coimisiún an t-iarmhéid deiridh tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta a glacadh leis na cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh, nó 1 mhí tar éis an dáta a glacadh leis an tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme, cibé dáta is déanaí ([29]).

Tá sé sin gan dochar do chumhacht an Choimisiúin an sprioc-am le haghaidh íocaíocht an iarmhéid deiridh a bhriseadh nó an íocaíocht sin a chur ar fionraí.

10. SAINCHEISTEANNA DLÍTHIÚLACHTA AGUS RIALTACHTA

Féadfaidh an Coimisiún saincheisteanna a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart bunúsach a bhaineann le caiteachas sna cuntais ar glacadh leo a thógáil i ndiaidh an t-iarmhéid deiridh a íoc agus i ndiaidh dhúnadh an chláir.

Tá dúnadh na gclár gan dochar do chumhacht an Choimisiúin ceartuithe airgeadais a fhorchur faoi Airteagail 55 agus 56 de Rialachán FEAD.

([28]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 532/2014 ón gCoimisiún an 13 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 148, 20.5.2014, lch. 54).

([29]) Airteagal 52(2) de Rialachán FEAD.